

Is cuimhin liom go maith nuair a bhí mé ag plé leis an nglaoch a bheith i mo shagart agus mé ag obair i gContae Chill Dara ag an am, gur tháinig an glaoch ar ais níos láidre gach uair a d'fhill mé abhaile i gcomhair laethanta saoire nó deireadh seachtaine fada, go dtí an áit inar tógadh mé, agus na rudaí agus na daoine a d'aithin mé agus a mhúnlaigh mé thart timpeall.

Na deisceabail sa Soiscéal inniu, tar éis a tharla i Iarúsailéim, caithfidh go raibh siad trína chéile. Céard a dhéanfaidh siad gan Íosa? Bhí an grúpa ag titim as a chéile. Feiceann muid iad ar ais ar na báid, cois fharraige, agus an boladh agus na fuaimneanna agus na glórtha a d'aithin siad le fáil agus le cloisteáil. B'shin an áit a chas siad ar Íosa ar dtús. B'shin an áit a ghlaigh sé iad chun a bheith mar 'iascaire ar dhaoine'. Agus, ar deireadh, feicimid inniu sa Soiscéal seo, tar éis gach a tharla i Iarúsailéim, b'shin an áit a tháinig gach rud le chéile dóibh. Agus é sin déanta aige, sheol Íosa amach iad arís - neartaithe agus le fuinneamh nua.

An ndeachaigh na deisceabail abhaile go Galilee dá ndeoin féin? Nár dúirt Íosa leis na mná ag an tuama maidin Cásca a rá leis na deisceabail dul go Galilee agus go gcasfadh sé leo ansin!

Má tá an Soiscéal inniu ag moladh dúinn céim siar a thógáil chun dearcadh nua a fháil ar an saol nuair nach mbíonn muid chomh cinnte sin faoi rudaí, ní hé go bhfuil sé a rá linn fanacht siar ansin san áit ina airíonn muid compordach agus slán. Aon uair a d'fhág Íosa na deisceabail le bheith leis féin, le dul i dteagmháil lena rútaí féin i nDia, d'fhill sé ar ais ar an saol seo agus ar an obair.

Is maith an rud é céim siar a thógáil anois agus arís ón saol le muid féin a athnuachan, agus muid féin a sortáil amach má theastaíonn, agus ansin filleadh ar an saol agus ar an obair ag fanacht linn.

Guí an Phobail

Cuirimis ár bpaidreacha os a chomhair anois mar sin:

1. Go raibh muid in ann Íosa a aithint thart orainn sa ngrá sna dea-oibreacha a dhéanann daoine; go gcloise muid é ina Shoiscéal, agus go mblasa muid é i mBriseadh an Aráin. *A Thiarna, éist linn.*
2. Ar son na ngasúr a thiocfaidh go dtí altóir na hEocairiste don chéad uair an Chásic seo chun a bheith cothaithe agus neartaithe don saol: go dtuige siad gur féidir le hÍosa gach ocras a shásamh. *A Thiarna, éist linn.*
3. Dár dteaghlaigh: go raibh muid neartaithe agus deimhnithe nuair a thagann muid le chéile. Go raibh muid in ann dul abhaile gan inní má imíonn an saol trí chéile. *A Thiarna, éist linn.*
4. Ar son daoine a oibríonn ar an bhfarraige: go raibh siad slán ó gach contúirt agus go raibh a n-eangacha lán. *A Thiarna, éist linn.*
5. Go gcloistear an glaoch don sagartacht go soiléir arís sa tír seo chun an Eaglais a chothú amach anseo. *A Thiarna, éist linn.*
6. Dár mairbh: go raibh muid ag bord an Tiarna anseo inniu aontaithe leo ag bord an Tiarna go síoraí ar neamh. *A Thiarna, éist linn.*

*Molaimid thú, a Thiarna, de bhrí gur shaor tú muid. Éist linn anois, agus muid ag guí, mar is ghnáth, trí Chríost, ár dTiarna. **Áiméan***